



An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026
(OR. en)

6798/26
ADD 1

TELECOM 93
ELARG 26
COWEB 22
MI 187
COMPET 248
CONSOM 58

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 79 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe aonair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 79 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 79 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.2.2026
COM(2026) 79 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe aonair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste

IARSCRÍBHINN

A. CINEÁL AGUS RAON FEIDHME NA gCOMHAONTUITHE

Tá sé beartaithe leis na teoracha caibidlíochta sin treoir a thabhairt don Choimisiún sa chaibidlíocht arb é is aidhm di sé chomhaontú dhéthaobhacha fánaíochta a thabhairt i gcricid idir an tAontas agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia ('WB6'), faoi seach, lena soláthrófaí an creat chun na tíortha sin a lánpháirtíú i limistéar Fánaíochta ar Tháille Baile an Aontais.

Tá caidreamh an Aontais le WB6 á rialú faoi láthair ag na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCCanna) faoi seach. Díríonn na CCCanna ar chobhsaíocht a bhaint amach sa réigiún agus ar ullmhú le haghaidh aontachas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Déantar foráil iontu maidir le gach comhpháirtí WB6 a dhlíthe a ailíniú de réir a chéile le *acquis* an Aontais agus tríd an trádáil idir an tAontas agus WB6 a léirscaoileadh. Áirítear leis sin an comhar a neartú i réimse na seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus ailíniú WB6 le *acquis* an Aontais. Cé go bhfuil na cuspóirí agus na gealltanais faoi na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais fós ábhartha, ní mór iad a chomhlánú le creat dlíthiúil lena bhféadfaí na cuspóirí léirscaoilte níos leithne a chomhlíonadh agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia a lánpháirtíú i limistéar Fánaíochta ar Tháille Baile an Aontais. Ní dhéantar foráil maidir le creat den sórt sin faoi CCCanna mar atá siad faoi láthair.

I gcomhréir leis an bpróiseas aontachais, le cuspóirí an Phlean Fáis agus le lánpháirtíú de réir a chéile sa mhargadh inmheánach, tá deis á tairiscint ag an Aontas comhaontuithe a chaibidlíú le gach ceann de WB6 in earnáil na fánaíochta ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste. Chuirfeadh na comhaontuithe earnála déthaobhacha atá molta leis na CCCanna atá ann cheana le Poblacht na hAlbáine, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an gCosaiv, le Montainéagró, le Poblacht na Macadóine Thuaidh agus le Poblacht na Seirbia agus chomhlánoidís iad.

Déanfar an tairiscint chun comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcricid do na comhpháirtithe sin, ar comhpháirtithe iad a léiríonn go soiléir go bhfuil siad tiomanta go daingean don chonair aontachais agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu i dtreo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh. Is réamhchoinníoll é comhlíonadh iomlán *acquis* fánaíochta an Aontais chun rochtain a fháil ar an limistéar fánaíochta ar tháillí baile an Aontais.

Eilimintí bunriachtanacha de na comhaontuithe is ea prionsabail dhaonlathacha, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus an smacht reachta a chaomhnú.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) agus leis an smacht reachta a chaomhnú le haghaidh phróiseas an mhéadaithe.

B. AN TÁBHAR ATÁ MOLTA SNA COMHAONTUITHE

* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Cuspóirí agus raon feidhme

Is é is aidhm do na comhaontuithe earnála a áirithiú nach n-íocfaidh úsáideoirí na líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste a thaistealaíonn idir aon chomhpháirtí áirithe WB6 agus an tAontas praghsanna iomarcacha ar sheirbhísí fánaíochta. Déanfar é sin trí oscailt chómhalartach an mhargaidh fánaíochta faoi na coinníollacha a leagtar síos le rialacha fánaíochta an Aontais.

Déanfar foráil sna comhaontuithe maidir leis an gceist agus na coinníollacha chun margaí na bPáirtithe a oscailt go cómhalartach i ndáil le hearnáil na fánaíochta ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste. Beidh an oscailt ag brath go háirithe ar chur chun feidhme iomlán *acquis* fánaíochta an Aontais faoi WB6, rud nach mór a dheimhniú trí mheasúnú cuimsitheach dearfach ón Aontas a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún. A luaithe a dhéanfar measúnú dearfach i ndáil le comhpháirtí WB6, tabharfar de chumhacht don Chomhchomhlacht atá freagrach faoin gcomhaontú cinneadh a dhéanamh maidir leis an oscailt chómhalartach.

Ailíniú rialála le *acquis* fánaíochta an Aontais

Na forálacha is infheidhme de *acquis* fánaíochta an Aontais agus aon oiriúnú cothrománach nó sonrathach orthu, déanfar iad na liostú in iarscríbhinn a ghabhann leis na comhaontuithe faoi seach. Beidh an nós imeachta sna comhaontuithe lena ndéanfar liosta an *acquis* fánaíochta is infheidhme agus na rialacha maidir le corprú agus cur chun feidhme ghníomhartha ábhartha nua nó leasaithe an Aontais a leasú.

Sna comhaontuithe, áireofar oibleagáid ar WB6, faoi seach, *acquis* fánaíochta an Aontais a achtú go hiomlán agus a chur chun feidhme go hiomlán sula leathnófar limistéar fánaíochta an Aontais (mar réamhchoinníoll dó) agus oibleagáid ailíniú dinimiciúil a choinneáil ar bun le *acquis* fánaíochta an Aontais de réir mar a fhorbróidh sé amach anseo tar éis oscailt chómhalartach an mhargaidh. Áireofar sna comhaontuithe na critéir agus an nós imeachta chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar staid chur chun feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais sula ndéanfaidh Comhchomhlacht cinneadh as a dheireadh faoin gcomhaontú maidir le margaí a oscailt go cómhalartach i ndáil leis an earnáil fánaíochta.

Áireofar sna comhaontuithe na critéir agus an nós imeachta maidir le faireachán agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme *acquis* fánaíochta an Aontais agus an deis, na coinníollacha agus an nós imeachta don Aontas na tairbhí faoi na comhaontuithe fánaíochta a chur ar fionraí i gcás nach gcomhlíonann WB6 oibleagáidí ailínithe rialála.

Forfheidhmiú

Déanfar foráil sna comhaontuithe maidir le creat institiúideach agus coimirce atá múnlaite de réir Chonarthaí an Aontais chun neamhspleáchas agus léirmhíniú aonfhoirmeach *acquis* fánaíochta an Aontais a chosaint agus chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt go héifeachtach i gcás neamhchomhlíonta. Ach WB6 a bheith toilteanach agus réidh príomhshásraí dhlí an Aontais a ionchorprú ina ndlíchórais, cuirfear ar a gcumas a léiriú go bhfuil siad ullamh chun na freagrachtaí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a ghlacadh chucu féin.

Ní mór do gach ceann de chomhpháirtithe WB6 a áirithiú go mbeidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag gníomhartha dlí an Aontais a shonraítear sna comhaontuithe agus atá acu i ndlíchóras Ballstáit de bhun Airteagal 288 CFAE agus de bhun chásdlí na Cúirte Breithiúnais. I gcás ina gcruthaítear, leis na gníomhartha atá i gceist, cearta agus oibleagáidí is féidir le daoine aonair a gairt os comhair chúirteanna náisiúnta na mBallstát gan gá le cur chun

feidhme breise ó Bhallstát, ní mór do na forálacha sin, cearta agus oibleagáidí a chruthú freisin is féidir le daoine aonair a agairt os comhair chúirteanna náisiúnta gach ceann de chomhpháirtithe an Aontais gan gá le cur chun feidhme breise. Ina theannta sin, is faoi inniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheidh na ceisteanna a bhaineann le gníomhartha an Aontais a shonraítear sna comhaontuithe.

Áireofar sna Comhaontuithe sásra iontaofa chun a áirithiú go ndéanfar gníomhartha dlí lena leasaítear *acquis* fánaíochta an Aontais a ionchorprú go dinimiciúil sa chomhaontú, agus ar an gcaoi sin creat coiteann dlíthiúil a áirithiú i gcónaí; Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an t-údarás deiridh chun na comhaontuithe faoi seach a léirmhíniú agus chun léirmhínithe a chur ar fáil do chúirteanna náisiúnta in WB6 nuair a iarrtar sin. Beidh dlínse eisiach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí a dhéanann institiúidí an Aontais faoi na comhaontuithe faoi seach.

Ateangaireacht

Déanfar na comhaontuithe agus *acquis* fánaíochta an Aontais a léirmhíniú ina gcur chun feidhme agus ina gcur i bhfeidhm i gcomhréir le rialuithe agus cinntí na Cúirte Breithiúnais.

Ina theannta sin, má thagann ceist chun cinn maidir le léirmhíniú os comhair cúirt náisiúnta nó binse náisiúnta de chomhpháirtí WB6, maidir leis na comhaontuithe nó na *gníomhartha náisiúnta* arna nglacadh dá mbun atá comhionann ó thaobh substainte de le rialacha comhfhreagracha CFAE nó le gníomhartha arna nglacadh de bhun CFAE, beidh an deis ag an gcúirt nó ag an mbinse náisiúnta iarradh ar an gCúirt Bhreithiúnais cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceist. Nuair is cúirt nó binse náisiúnta í an chúirt nó an binse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh a cinnidh nó a chinnidh, ceanglófar uirthi nó air tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Creat institiúideach

Gan dochar do rannpháirtíocht an Choimisiúin agus na Cúirte Breithiúnais, beidh riar na gcomhaontuithe atá molta, a mhéid is féidir, faoi shainchúram an Choiste Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bhunú ag Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais na CCCanna, ar a bhfuil ionadaithe ón Aontas agus ó WB6.

Réiteach Díospóidí

Leagfar amach sna Comhaontuithe an nós imeachta chun díospóidí idir na páirtithe a réiteach maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú na gComhaontuithe. Beidh an deis ag an gCoimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 258 CFAE. Ar an gcaoi chéanna, beidh WB6 in ann díospóid a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an chomhaontaithe faoi seach. Leagfar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis na comhaontuithe na rialacha mionsonraithe ar dá réir a thabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais rialú ar na díospóidí agus ar na ceisteanna maidir le léirmhíniú a thugtar os a comhair.

Coimirce

I gcás nach gcomhlíonann WB6 rialú ón gCúirt Bhreithiúnais, beidh an chumhacht ag an gCoimisiún codanna den chomhaontú a chur ar fionraí gan ceanglais bhreise.

Gaolmhaireachtaí le Comhaontuithe Eile

Beidh na comhaontuithe atá molta ina gcuid dhílis den chaidreamh foriomlán idir an tAontas agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró agus Poblacht na Seirbia, mar a bhunaítear lena CCCanna faoi seach, agus ba cheart iad a bheith mar chuid de chreat institiúideach comhchoiteann. Is comhaontuithe sonracha a bheidh iontu, lena dtabharfar éifeacht d'fhorálacha trádála CCCanna agus in éineacht leis an gComhaontú Saorthrádála faoi seach beidh siad ina limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal V de GATS.

An Comhaontú a fhoirceannadh

Tabharfar na Comhaontuithe i gcrích go ceann tréimhse éiginnte. Leagfar síos leis na Comhaontuithe sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta faoina bhféadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm na gComhaontuithe a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, chomh maith leis an nós imeachta agus na tréimhsí fógra chun na Comhaontuithe a fhoirceannadh.

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*